



Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2020

Scoileanna Caitliceacha: Maireachtáil go Sítheach le Gach ar Chruthaigh Dia



*Is féidir linne comhoibriú lena chéile mar ghiollaí Dé,
le haire a thabhairt do gach ar chruthaigh sé.*

SCOILEANNA CAITLICEACHA:

MAIREACHTÁIL GO SÍTHEACH
LE GACH AR CHRUTHAIGH DIA

26 EANÁIR – 2 FEABHRA 2020



Ón gCuraclam: Leibhéal 1

An Creideamh Críostaí	Briathar Dé
Mistéir Dé <ul style="list-style-type: none">• Bíonn Dia linn i gcónaí• Tugann sé grá agus aire don uile theaghlach• An Cruthú• Rinne Dia an uile rud• Tugann sé aire do gach ar chruthaigh sé• Is rud maith é an domhan ar chruthaigh Dia	Plean Grámhar Dé don Slánú <ul style="list-style-type: none">• An Cruthú (Gein 1–2:3)• Salm Moltach (Salm 8:1, 3, 7–9)• Is iontach an rud an Cruthú (Salm 66:5)• Molaigí an Tiarna (Salm 104)• Molaigí an Tiarna (Salm 150)• Saol Poiblí Íosa• Cothaíonn Íosa an 5,000 (Eoin 6:1–13)
Liotúirge agus Urnaí	An Mhoráltacht Chríostaí
<ul style="list-style-type: none">• Urnaí Fhoirmiúil• Uath-Urnaí• Urnaí Bhreise• Molaigí an Tiarna (Salm 104)• Molaigí an Tiarna (Salm 150)	<ul style="list-style-type: none">• Teagasc Sóisialta na hEaglaise• Is féidir liom meas ar an domhan a léiriú, agus aire a thabhairt dó



An Luan: Maireachtáil go Sítheach le Dia

27 Eanáir 2020

Tá grá síoraí ag Dia dúinn. Níl teorainn ar bith leis.

(An Pápa Proinsias, Twitter, 26 Lúnasa 2014)



Smaoinigh: Cé hiad na daoine a thugann aire dúinn?

Conas a léiríonn na daoine sin aire inár leith?

Ce hiad na daoine a bhfuil meas againne orthu ?

Conas a thugaimid le fios dóibh go bhfuil meas againn orthu?



Urnaí

Smaoinimis ar na daoine a bhfuil meas againn orthu. (Sos) Nuair a bhímid ag caint le Dia, bímid ag urnaí. Cuirimid tús leis an urnaí trí fíor na Croise a ghearradh orainn féin:

In ainm an Athar ... (aithris á dhéanamh ar an múinteoir)

A Dhia ghrámhar, éist lenár nguí, cabhraigh linn aire a thabhairt dá chéile agus an cairdeas a chothú inár measc, inniu agus i gcónaí.

Amen.

Taighde: Tugann Dia aire dúinn, agus ba mhaith leis go dtabharfaimis aire dá chéile.

Nuair a bhímid cineálta lena chéile, bíonn an duine eile sonasach dá bharr, agus bímid féin sona. Má bhímid ag feidhmiú ar bhealach deas, bíonn Dia sásta linn. Smaoinigh ar na bealaí ina léirímid an cineáltas go laethúil – a bheith ag roinnt lena chéile, bheith go deas lena chéile, fáilte a chur roimh an duine eile a bheith ag súgradh linn, 7rl.

Nuair a bhímid ag urnaí, bímid ag caint le Dia. Tugann Dia aire dúinn, agus beidh sé i gcónaí ar fáil dúinn, ní dhéanfaidh sé dearmad orainn riamh. Má bhímid faoi bhuairt, nó eaglach, má bhímid sona nó míshásta, beidh seisean i gcónaí sásta éisteacht linn.



Machnamh

Mhúin Íosa dá chairde conas urnaí chun Dia ár nAthair a dhéanamh.

Is féidir linn an urnaí seo a rá lena chéile:

Ár nAthair, atá ar Neamh...

Foghlaimimid conas maireachtáil ar nós Íosa, ag tabhairt aire dá chéile. Léirímid grá Dé nuair a bhímid cineálta leis an duine eile. Roinnimid grá Dé nuair a ghráimid a chéile.

Nuair a bhímid cineálta lena chéile bímid ag léiriú an ghrá atá againn do Dhia. Múineann Dia dúinn go gcaithfear urraim a thabhairt don duine eile i gcónaí, agus do gach ar chruthaigh sé dúinn.



Gníomhaigh

Inis an scéal faoi Íosa is ansa leis na daltaí.



Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2020

Scoileanna Caitliceacha: Maireachtáil go Sítheach le Gach ar Chruthaigh Dia



Nod don Oide: Is féidir rogha a dhéanamh as:

I nGrá Dé Naíonáin Shóisearacha:

- Íosa agus na Leanaí (Marcas 10:13-16), Téama 7, Ceacht 2
- 'Gráigí a Chéile' (Matha 22:37-39), Téama 7, Ceacht 2
- An Phríomhathne (Matha 22:34-40; Marcas 12:28-34; Lúcas 10:25-8), Téama 5 Ceacht 3

I nGrá Dé Naíonáin Shinsearacha:

- Íosa agus na Leanaí (Matha 19:13-15), Téama 6, Ceacht 2
- An Phríomhathne (Matha 22:34-40), Téama 10, Ceacht 1

Roinnim Grá Dé



Tarraing pictiúr de na bealaí ina roinneann tusa grá Dé.



An Mháirt: Maireachtáil go Sítheach leis na Comharsana

28 Eanáir 2020

Tá grá síoraí ag Dia dúinn. Níl teorainn ar bith leis.

(An Pápa Proinsias, Twitter, 26 Lúnasa 2014)



Conas mar a bhímid ag déileáil lena chéile ar scoil.

Cad iad na briathra a bhíonn in úsáid againn nuair a bhímid ag comhrá lena chéile ar scoil? And mbíonn an dea-fhocal in úsáid againn? An gcabhraímid leas and duine brónach? An deachairide lena chéile muid?

Urnaí

Gearraimid fíor na croise orainn féin: In ainm an Athar... (Déan aithris ar an múinteoir)

*A Dhia ghrámhar, éist lenár nguí,
cabhraigh linn a bheith grámhar,
caoin, comhbhách,
Amen.*

Taighde

Ar ghortaíodh tusa riamh?
Cad a tharla? Ar thug duine ar bith aire duit?
Cad a rinne an duine sin?
Dá dtabharfá duine gortaithe faoi deara, cad a dhéanfá?

Machnamh

Smaoinigh ar a leithéidí seo a rá i rith an lae, 'Ar mhaith leat súgradh liomsa?'; 'Is maith an cara tusa'; 'Brón orm nach raibh mé go deas inniu'; 7rl. Nuair a bhímid cineálta leis an duine eile, nó má bhíonn brón orainn faoin rud amaideach a rinneamar, tugaimid le fios do Dhia gur mhaith linn a bheith mar dheachomharsa, díreach mar a thug Íosa le fios dúinn.

Gníomhaigh

Ciallaíonn an urnaí, go mbímid ag caint le Dia. Smaoinigh ar an rud ba mhaith leat a rá le Dia. Abair le Dia é, gan focal a rá os ard. Nuair a bhímid thar a bheith ciúin, is minic gur éasca an rud é labhairt le Dia agus ár meon a ligean leis.



Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2020

Scoileanna Caitliceacha: Maireachtáil go Sítheach le Gach ar Chruthaigh Dia

Tarraing pictiúr a léiríonn tú féin a bheith ag feidhmiú mar chara do dhuine eile ar scoil, ag déanamh rud deas do dhuine eile sa bhaile, agus ag gníomhú ar bhealach cabhrach a léiríonn a leithéid do Dhia.





An Déardaoin: Maireachtáil go Sítheach leis an Domhan Timpeall Orainn

30 Eanáir 2020

Smaoinigh ar an domhan thart timpeall orainn.

Tugaimid faoi deara go gcaitear bruscar ar na sráideanna. Feictear físeáin a léiríonn dufair na hAmasóine trí thine. Cloistear na saineolaithe ag rá linn go bhfuil teocht an domhain ag dul in airde.

Urnaí

In ainm an Athar...

(Déan aithris ar an múinteoir)

A Dhia ár nAthair,

Cabhraigh linn an domhan a fheabhsú mar áit chónaithe.

Amen.

Taighde

Conas is féidir an domhan a ghortú? Cad a chuirfeadh brón ar domhan? An bhfaca tusa rud ar bith a chruthaigh Dia a chuirfeadh brón anois ort?

Machnamh

Conas is féidir linn an domhan a fheabhsú ó thaobh chaighdeán maireachtála de, agus ó thaobh glaineachta de? Smaoinigh ar an obair a dhéanann an Scoil Ghlas. An múchaimid na soilse? An gcuirimid uisce amú? An mbailimid an bruscar? Má chabhraímid leis an domhan a fheabhsú, beimid ag cabhrú le gach ar chruthaigh Dia a dhéanamh chomh hálainn agus chomh hiontach agus ba mhaith leis.

Gníomhaigh

Déanaimis turas na scoile mar rang, ag ardú aon bhruscar atá thart. Cuir póstaer le chéile a léiríonn na bealaí ina bhféadfaimis domhan níos fearr, níos sláintiúla, níos glaine a chruthú dúinn féin.





An Aoine: Maireachtáil go Sítheach sa Scoil Chaitliceach

31 Eanáir 2020

Smaoinigh: Cé hiad na daoine atá mar phobal na scoile?

Tá iliomad bealaí ann ina dtugaimid aire dá chéile ar scoil. Bígí ag caint eadraibh féin mar gheall ar na cairde a bhí agaibh féin ar scoil. Tabhair rud éigin chun cuimhne a d'fhoghlaim tú ón gcúrsa *I nGrá Dé* i mbliana. Cad a bhí ann. Cén fáth ar thaitin sé leat?

Urnaí

In ainm an Athar...

(Déan aithris ar an múinteoir)

A Dhia ár nAthair,

Gabhaimid buíochas leat as ucht sinn féin a thabhairt le chéile ar scoil, le maireachtáil de réir mar a d'iarr Íosa orainn. Amen.

Taighde

Ba mhaith le Íosa go mairfeadh pobal na scoile de réir mar a mhair sé féin.

Bímid ag urnaí chun Dé lena chéile.

Bímid ag canadh amhrán a léiríonn grá Íosa dúinn. Nuair a thugaimid an Chros faoi deara, smaoinimid air, gur gheall Dia a ghrá dúinn go síoraí.

Nuair a bhímid cineálta lena chéile, bímid ag maireachtáil ar nós Íosa.

Gníomhaigh

Aon amhrán ó *I nGrá Dé* a thaitníonn leis na daltaí.

